# CUAILLE

MEÁN FÓMHAIR 2024

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht an Uachtaráin | 3 |
| Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn | 4 |
| Ár gCluichí, Ár Laochra - Patrick O'Keane | 5 |
| An té a bhíonn siúlach, bíonn sé scéalach | 7 |
| Thugadar féin an samhradh leo.. | 10 |
| Iománaíocht agus Camógaíocht Cathaoireacha Rothaí | 12 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 13 |
| Nodanna ó Sheán O'Shea don imreoir óg agus tábhacht na hóráide | 15 |
| Oidhreacht an Chrócaigh fós le brath os cionn 200 bliain tar éis a bhreithe | 16 |
| Aimsigh na Seaimpíní! | 18 |
| CLG Naomh Muire, Inis Céin, Contae Chorcaí - Cás-staidéar logánta | 20 |
| Camchuairt Cheolmhar na hÉireann! | 21 |
| Do Threibh, Do Chontae - Na Laochra Iomána | 23 |
| Os cionn 350 peileadóir óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh | 24 |
| Turas go dtí Páirc an Chrócaigh | 25 |
| Cúig churadh nua Ghaeltachta i gCill na Martra | 26 |
| Crosfhocal | 27 |
| Comórtas Thráth na gCeist GAAgaeilge | 28 |
| Freagraí | 29 |



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Céad míle fáilte chuig an chéad eagrán eile seo de Chuaille, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós 'Ár gCluichí, Ár gCultúr', crosfhocal, tráth na gceist, 'Do Chlub, Do Chontae', mír fá Chomórtas Peile na Gaeltachta, mír fán timpeallacht, súil siar ar na craobhchomórtais idirchontae agus go leor leor eile.

Is gné fhíorthábhachtach í an Ghaeilge den Chumann agus tá sé iontach go bhfuil muid ábalta sult a bhaint as ár gcluichí agus ár ngníomhaíochtaí trí Ghaeilge le rudaí ar nós Cuaille. Cúis mhór bhróid dúinn na tograí agus na tionscadail eile Ghaeilge atá idir lámha ag an Chumann fosta ar nós Cheannairí don Todhchaí, an obair atá á déanamh ag Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG agus ag cruinniú téarmaí CLG agus fás na Fondúireachta i measc go leor eile. Tá muid an-bhuíoch dar gcuid páirtnéirí, Glór na nGael, maidir leis an Fhondúireacht.

Tá Craobhchomórtais na gClubanna go maith faoi lánseol fán tráth seo agus am iontach speisialta atá ann do achan duine atá ag déanamh ionadaíochta ar a gcuid clubanna agus a bparóistí le roinnt míonna anuas. Tá sé tábhachtach smaoineamh, fosta, ar na daoine a eagraíonn na cluichí. Ní bheadh na cluichí ann gan na híobairtí a dhéanann na céadta daoine go deonach i gclubanna agus i gcontaetha ar fud na tíre.

Tá am na cinniúna ag teacht do chuid mhór foirne sna craobhchomórtais seo agus tá féasta mór iomána agus peile romhainn amach uaidh seo go ceann cúpla mí eile. Tá áthas an domhain orainn go bhfuil an oiread sin daoine ar fud na cruinne ag baint taitnimh as na craobhchomórtais sin.

Tá sé iontach dathanna chlubanna CLG a fheiceáil amuigh ar shráideanna agus an bród a chruthaíonn na cluichí do na paróistí sin. Guím rath ar na clubanna uilig atá fágtha sna craobhchomórtais.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann do achan duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Beirigí bua ag beannacht,

*Iarlaith Ó Broin*
*Uachtarán*
*Chumann Lúthchleas Gael*



# Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na hailt éagsúla atá le fáil in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor i ndiaidh tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann. Tháinig Coiste Náisiúnta na Gaeilge le chéile don chéad uair agus cúpla uair eile ó shin. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i mí an Mheithimh chomh maith leis na Go Games Gaeilge a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.

Ag tús mhí Bealtaine bhí Babhtaí Ceannais Scór Sinsear ann agus déanaim comhghairdeas le Coiste Naisiúnta Scór agus le gach duine eile a raibh baint acu leis an chomórtas dátheangach iontach seo a eagrú. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair le Coiste Náisiúnta Scór sna blianta amach romhainn.

Tá muid ar ais anois ó laethanta saoire an tsamhraidh agus tá muid ag súil go mór le clár cuimsitheach oibre don Ghaeilge a chur i gcrích mar Choiste uaidh seo go ceann trí bliana.

I measc na dtosaíochtaí a bheidh againn don chéad chúpla mí eile tá Comórtas Thráth na gCeist Gaeilge, bronnadh Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus an obair atá idir lámha againn maidir le leabhrán cuimsitheach téarmaí CLG a chur le chéile.

Tá Oifigigh Ghaeilge agus Chultúir ag feidhmiú go deonach fud fad na tíre agus tá mé ag súil go mór le haithne a chur orthu. Tá mé ag súil go mór le bualadh leis na hOifigigh Ghaeilge agus Chultúir ag leibhéal an chontae ar líne agus leis an lá oiliúna i bPáirc an Chrócaigh a bheidh ar siúl go luath.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille agus as na hailt éagsúla atá le fáil ann.

Beirigí bua,

*Áine Uí Choinn*
*Cathaoirleach*
*Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG*

*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí
# Ár Laochra
## Patrick O'Keane

**Is é Patrick O'Keane, laoch mór Naomh Pádraig agus captaen pheileadóirí Chill Mhantáin, an duine is deireanaí le páirt a ghlacadh sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra'.**

**Tá Patrick ag imirt le Cill Mhantáin ó 2019 i leith agus tá trí cinn de chraobhacha contae buaite ag an gcúlaí lena chlub Naomh Pádraig, sna blianta 2018, 2019 agus 2022. Bhí sé mar chuid lárnach den fhoireann a fuair ardú céime go Roinn 3 de Shraitheanna Allianz sa bhliain 2023.**

**'Is cuid lárnach de chultúr ár dtíre í an Ghaeilge. Go maire sí beo go deo!'**



**Seo thíos mar a d'fhreagair Patrick ár gcuid ceisteanna!**

**Ainm:**
Paddy Ó Catháin

**Aois:**
23

**Club:**
Naomh Pádraig, Baile Chill Mhantáin

**Scannán is fearr leat:**
Shawshank Redemption

**Leabhar is fearr leat:**
Percy Jackson (nuair a bhí mé níos óige!)

**Banna ceoil is fearr leat:**
Arctic Monkeys

**An áit is fearr leat:**
Mo theach féin i mBaile Chill Mhantáin

**An bia is fearr leat:**
Sicín rósta

**Clár teilifíse is fearr leat:**
Game of Thrones

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Lee Keegan

**Do chéad chuimhne CLG:**
Ag imirt sa bhunscoil i nGaelscoil Chill Mhantáin

**An chéad uair ag imirt le do chontae:**
Craobh Chorn Uí Bhroin i gcoinne Cheatharlach sa bhliain 2019

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Dean Healy

**An t-imreoir is fearr le himirt i d'aghaidh:**
Paul Mannion

**An cluiche is fearr a d'imir tú:**
Loch Garman i gCraobh Laighean 2020

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gcontae go dtí seo:**
Ag imirt i bPáirc an Chrócaigh

**Buaicphointe do shaoil imeartha leis an gclub go dtí seo:**
3 cinn de chraobhacha contae a bhuachan

**An duine a raibh an tionchar is mó aige nó aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Mo mháthair 'is mo m'athair

**Aon chomhairle agat d'imreoirí óga:**
Bí ag obair go dian

**Aon chaitheamh aimsire eile:**
Surfáil nuair a bhíonn sos agam ón bpeil

**Laoch spóirt taobh amuigh de CLG:**
Lionel Messi



Le Bernie Ó Conaill

# An té a bhíonn siúlach, bíonn sé scéalach

An té a bhíonn siúlach bíonn sé scéalach agus le Craobhacha Uile-Éireann socraithe le píosa tá deireadh anois leis na hoilithreachtaí chuig Páirc an Chrócaigh. Don Ghaillimheach seo bhí díomá go leor le blaiseadh nuair a thug sárfhoireann Kieran McGeeney an sway leo sa gcraobh. Muna mbeadh sé ag dul siar ní thógfá ó leaids agus leantóirí an Tuaiscirt é leis an méid a shaothraigh siad féin le blianta.

Bhí an méid sin agus tuilleadh i m'intinn nuair a casadh m'iarscoláire Robert Finnerty orm an tseachtain seo agus é ar a bhealach chuig physio. A obráid thart agus borradh faoi Bhóthar na Trá - Cnoc na Cathrach i gCraobh an Chondae faoi stiúir Finian Hanley. Súil ag Rob a bheith staidéarach leis an bpróiséas athshlánaithe ach an dúil damanta aige cabhrú le feachtas an chlub.

Suimíonn sé sin suas saol an Chumainn idir imreoirí agus leantóirí agus an cumas athghiniúna ionainn bogadh ar aghaidh chuig an gcéad aisling nó glaoch eile. Is minic a airím go bhfuil an t-éileamh ar na himreoirí idirchondae imithe thar fóir ach tá idir uaisleacht, tradisiúin agus dúchas sa tseirbhís ag imreoirí don chlub áitiúil.

Bíonn na saineolaithe ag gearán sách minic faoin bpeil ach bhain mé sásamh thar na bearta le gairid i gCraobh Idirmheánach na Gaillimhe as imirt Uaráin Mhóir Mearaí faoi stiúir Gerry Fahy agus iad ag fáil an ceann is fearr ar Naomh Micheál (ar éigean) agus ar Ghleann an Mhadaidh. Ba bheag m'imní faoin gcluiche ag taisteal abhaile théis na gcoimhlintí seo.

Ina dhiaidh sin agus uile bhí samhradh den scoth againn . Craobh na Mumhan chomh maith agus a bhí sé riamh san iomáint, an leathchraobh idir Corcaigh agus Luimneach chomh lán le fuinneamh agus aicsean agus a bhfaca tú riamh. Go pearsanta ní fhaca mé cluiche in aon chód ariamh chomh maith agus a bhí an Chraobh iomána. An draíodóir Tony Kelly agus aicsean agus scil Shane O'Donnell taobh lena gcomhleacaithe dochreidte i gcoinne foirne chomh cumasach le Corcaigh. I measc an chrá croí acu fanann dínit bhainistíocht Pat Ryan liom théis an chluiche. Níorbh uaisleacht go dtí é.

Ní sa cheanncheathrú amháin atá cuimhní na bliana ar fáil. Mol an óige a deirtear. Seasann fís agus cur chuige David Henry as Cumann Naomh Shéamais agus barr feabhais a choiste le heagrán eile den chomórtas iontach in ómós do Darragh Frain i Muirbheach na Gaillimhe. Foirne timpeall an chúige bailithe faoi 11 agus comórtas a dhéanann ceiliúradh bliantúil ar oibrithe deonacha den scoth. Arís i mbliana tugadh



*Bhí ar Robert Finnerty an pháirc a fhágáil luath i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann tar éis gortú a fháil in aghaidh Ard Mhacha*

ardán do na himreoirí a gcuid talainne a lonrú in atmaisféar tacúil tuisceanach. Ba mhór an spórt é.

I ndáiríre tá neart údar mórtais ag Cumann Lúthchleas Gael as an bhfreastal iontach a dhéanann siad ar an bpobal. Ba mhór liom an lá nuair a sheas Uachtaráin CLG suas ar na tonnta náisiúnta ar son an Chumainn. Ba mhaith uaidh, freisin, aitheasc tomhaiste a thabhairt faoinár gcluichí agus ár gcuid imirceach théis Chraobh na hÉireann. Cinnire agus urlabhraí cumasach.
Táim ag súil anois le torthaí machnaimh Choiste Jim Gavin faoin bpeil. Breathnaíonn sé go bhfuil staidéar agus plé doimhin déanta acu agus go bhfuil an fhéidearthacht ann do ré úr. Idir an dá linn tá neart cluichí agus ócáidí eile le blaiseadh againn. Bímis buíoch as seirbhís CLG don saol.




Gach Eolas ar fail anseo


Cé hé seo?
Pat O'Donnell
9
#GAAgaeilge

Le Jamie Ó Tuama

# Thugadar féin an samhradh leo..

Tá Craobhchomórtais Idirchontae Peile agus Iomána thart anois le beagán os cionn míosa agus am maith é seo le súil a chaitheamh siar ar scléip an tsamhraidh.

Céard is féidir a rá faoin samhradh a bhí againn? Tá dhá churadh nua uile-Éireann againn. Thug an Clár leo Corn Liam Mhic Cárthaigh don chéad uair ó 2013 i leith tar éis dóibh a bheith ag bagairt a leithéid le roinnt blianta anuas agus thug Ard Mhacha leo an chraobh peile don chéad uair ó 2002 i leith. Cé déarfadh gurbh amhlaidh a bheadh ceithre mhí ó shin?!

Is iomaí buaicphointe a bhí againn le linn na bliana. I gCraobh Peile Chonnacht d'éirigh le Gaillimh greim a choinneáil ar Chorn Mhic an Adhastair tar éis gur éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Londain, ar Shligeach agus ar Mhaigh Eo sa chluiche ceannais. D'éirigh leo Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach gan oiread is cluiche amháin a chailleadh agus d'éirigh leo Áth Cliath agus Dún na nGall a shárú ar a mbealach chuig an gcluiche ceannais.

I gCraobh Peile Laighean chonaic muid tuilleadh dul chun cinn ó Lú faoi stiúir a mbainisteora nua, Ger Brennan, nuair a d'éirigh leo croitheadh ceart a bhaint as Áth Cliath i gCluiche Ceannais Laighean. Comhartha a bhí ansin go mbeadh Lú thart píosa maith



Foireann Bhuacach an Chláir 2024

den samhradh! Bua ceithre chúilín a bhí ag foireann Dessie Farrell ar a gcéilí comhraic sa deireadh sa chluiche ceannais le Corn Uí Dhúshláine a thabhairt leo.

Maidir le Craobh na Mumhan ba iad na Ciarraígh a bhí in uachtar arís eile. Ní gan dua a d'eirigh leo Corn na Mumhan a thabhairt leo mar sin féin! Ní raibh ach trí chúilín idir na foirne sa chluiche leathcheannais in aghaidh Chorcaí agus bua seacht bpointe a bhí acu in aghaidh an Chláir sa chluiche ceannais.

I gCraobh Peile Uladh d'éirigh le Dún na nGall an ceann is fearr a fháil ar Ard Mhacha sa chluiche ceannais ach bhí ciceanna éirice ag teastáil uathu chun an beart a dhéanamh. Roimhe sin bhí buanna ag foireann Jim McGuinness ar Dhoire agus ar Thír Eoghain. Bhí an Corn Angla-Cheilteach ar ais i nDún na nGall arís agus bhí Jimmy ag baint cluichí an athuair!

Tar éis gur éirigh le hArd Mhacha an ceann is fearr a fháil ar Chiarraí agus Gaillimh ar Dhún na nGall i gCluichí Leathcheannais Peile na hÉireann bhí an

stáitse réidh dóibh agus bhí aghaidh acu ar an duais mhór – Corn Shomhairle Mhig Uidhir a thabhairt leo don chéad uair ó bhlianta tosaigh na mílaoise -  Gaillimh i 2001 agus Ard Mhacha i 2002.

Ní raibh ach oiread na fríde idir na foirne ó thús go deireadh an chluiche ba iad foireann Kieran McGeeney a rinne an beart sa deireadh. Bhí stair bainte amach acu agus ba ar Aidan Forker a bhí an onóir a ghabháil suas céimeanna Ardán Uí Ógáin leis an gcorn a ghlacadh ó Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, agus iarchaptaen Ard Mhacha, Iarlaith Ó Broin.

An scór deiridh: ***Ard Mhacha 1-11 Gaillimh 0-13.***

I gCraobh Iomána na Mumhan bhí féasta cluichí againn agus cé gur éirigh leis an gClár agus le Luimneach gabháil a fhad leis an gcluiche ceannais bhí géariomaíocht ann ó thús deireadh – mar is dual do Chraobh Iomána na Mumhan. Ba iad Luimneach a thug leo Corn Mhichíl Uí Mhaca tar éis sárthaispeántas dara leithe a thabhairt sa chluiche ceannais.

Ba iad na Cill Chainnigh a thug leo Corn Roibeaird Uí Chaoimh i gCraobh Laighean tar éis dóibh bua cuimsitheach a fháil ar Áth Cliath sa chluiche ceannais. Bhí géariomaíocht i gcúige Laighean, freisin, dar ndóigh.

Nuair a d'éirigh le Corcaigh an ceann is fearr a fháil ar Luimneach, a bhí ar thóir a gcúigiú craobh uile-Éireann i ndiaidh a chéile a bhuachan, i gCluiche Leathcheannais na hÉireann agus nuair a fuair an Clár an ceann is fearr ar Chill Chainnigh sa cluiche leathcheannais eile bhí muid fágtha le hathimirt ar chluiche ceannais na bliana 2013.

Tugadh féasta mór iomána dúinn sa chluiche ceannais agus bhí na foirne gob ar ghob an cluiche uilig a bhuíochas le sárscóranna ón dá thaobh. Sa deireadh, thóg sé am breise ar an gClár an cluiche a bhuachan ar aon chúilín amháin. Ba ar Tony Kelly a bhronn Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Iarlaith Ó Broin, Corn Liam Mhic Cárthaigh. Bhí Craobh na hÉireann buaite ag na Cláirínigh don chúigiú huair.

Scór deiridh: ***An Clár 3-29 Corcaigh 1-34***

Bia iad an Dún a bhuaigh Corn Tailteann, Uíbh Fhailí a bhuaigh Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha, Cill Dara a bhuaigh Corn Chríostóir Uí Rinn, Dún na nGall a bhuaigh Corn Nioclái s Mhic Riocaird agus Fear Manach a bhuaigh Corn Labhraí Uí Mheachair.

Samhradh a bhí ann a fhanfaidh i gcuimhne mhuintir Ard Mhacha agus an Chláir go deo. Thugadar féin an samhradh leo...

*Thugadar féin an samhradh leo*



*Le Aedín Ní Bhriain*

# Iománaíocht agus Camógaíocht Cathaoireacha Rothaí

Is gníomhaíocht ionchuimsitheach í iománaíocht agus camógaíocht cathaoireacha rothaí d'fhoirne le seisear ar gach taobh. Seo spórt atá oiriúnach do gach aois, inscne agus cumas. Cuimsíonn an cluiche raon scileanna bunúsacha atá ar fáil in Iománaíocht agus Camógaíocht Ghaelach. Athraíodh na rialacha chun na scileanna sin a chur in oiriúint do chumas na ndaoine a ghlacann páirt ann. Tá sé mar aidhm ag an spórt cur ar chumas daoine aonair an rannpháirtíocht is fearr 'is féidir a chothú agus a choinneáil i gcomhthéacs na héagsúlachta atá mar pháirt de shaol phobal na hÉireann.

Ba é Tim Maher ó Chiarraí a smaoinigh ar choincheap na hiománaíochta cathaoireacha rothaí 20 bliain ó shin agus é ag múineadh i scoil do pháistí faoi mhíchumas i mBaile Dúill, Baile Átha Cliath. Ag féachaint ar na páistí ag imirt cluiche le raicéid leadóige a bhí sé, nuair a rith sé leis go bhféadfaidís camáin a úsáid in ionad raicéad, agus is mar sin a tháinig an spórt nua seo ar an bhfód.

Ó shin i leith, tá an-tóir ar an spórt. Tá uimhreacha i ngach cúige ag fás bliain ar bhliain. Bíonn sraitheanna na gcúigí i rith na bliana, agus déantar iarracht iad a óstáil i gcontaetha éagsúla chun an cluiche a scaipeadh agus chun cabhrú leis fás, agus ansin is é Cluiche Ceannais na hÉireann M. Donnolly an buaicphointe. Is é seo an dáta is mó a bhfuiltear ag súil leis i measc imreoirí iománaíochta cathaoireacha rothaí ó gach ceann de na ceithre chúige, tá blitz idir foirne ó na ceithre chúige sa chomórtas, agus iad go léir san iomaíocht don teideal.

D'óstáil CLG Lá Forbartha Iománaíochta agus Camógaíochta Cathaoireacha Rothaí ar 6 Aibreán 2024, i bPáirc an Chrócaigh. Ar an lá forbartha bhí sraith ceardlann agus oiliúna faoi stiúir cóitseálaithe agus imreoirí a bhfuil taithí acu in iománaíocht agus i gcamógaíocht cathaoireacha rothaí. Bhí deis ag rannpháirtithe teicnící nua ardfheidhmíochta a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh i gceardlanna oideachasúla i dtimpeallacht thacúil agus chuimsitheach.

Céim shuntasach chun tosaigh a bhí san ócáid seo i gcur chun cinn na cuimsitheachta agus na hinrochtaineachta sa spórt, agus deis á tabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i spórt iománaíochta agus camógaíochta traidisiúnta na hÉireann.

Is leaganacha oiriúnaitheacha de na cluichí traidisiúnta Gaelacha iad iománaíocht cathaoireacha rothaí agus camógaíocht, a mhodhnaítear chun freastal ar lúthchleasaithe atá faoi mhíchumas fisiciúil. Féachann an tionscnamh seo le deireadh a chur le bacainní agus ardán a chur ar fáil do dhaoine aonair de gach cumas páirt a ghlacadh sna spóirt ionúin sin.
Chuidigh an lá forbartha le feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le spórt oiriúnaitheach agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas. Trí thimpeallacht fháiltiúil agus inrochtana a chothú, tá súil ag lucht eagraithe an spóirt níos mó daoine a spreagadh le páirt a ghlacadh in iománaíocht agus camógaíocht cathaoireacha rothaí agus deireadh a chur le steiréitíopaí a bhaineann le míchumas agus spórt.

Ba iad imreoirí Chúige Mumhan na curaidh a bhuaigh an spórt seo i 2023. Is léir go bhfuil an spórt ag dul ó neart go neart agus guímid gach rath ar gach éinne bainteach leis sa todhchaí. Tá áit dúinn uilig ann.





*Adam Screeney ag seoladh 'Beko Club Champion' i bPáirc an Chrócaigh i mbliana*

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cén t-ainm atá ar pháirc bhaile Ard Mhacha?
2. Cá mhéad Craobh Sinsir Iomána Uile-Éireann atá buaite ag Gaillimh?
3. Cé a bhuaigh Craobh Shinsear Peile na hÉireann sa bhliain 2010?
4. Cé leis a n-imríonn Adam Screeney?
5. Cé a bhuaigh Craobh Chorn Tailteann sa bhliain 2022?
6. Cé hiad curaidh reatha club na hÉireann ag grád na sinsear san iomáint?
7. Cén contae ina n-imríonn Laochra Loch Lao?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael roimh Liam Ó Néill?
9. Cé hiad club Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Iarlaith Ó Broin?
10. Cá n-imríonn an Mhí a gcuid cluichí baile?

FREAGRAÍ


10 gCéim Chun Tosaigh don Ghaeilge sa Chlub
Amhrán na bhFiann
Ambasadóir Gaeilge don Chlub
Clárú le FSMD
Comharthaí Gaeilge
Ciorcal Comhrá
Oifigeach Gaeilge a Cheapadh
Pop-Up Gaeltacht
Na Meáin Shóisialta
Lá na Gaeilge sa Chlub
Eolas faoi Scoláireachtaí Gaeltachta a Scaipeadh
CÚ
Do Chlub, Do Chéim
#GAAgaeilge
GAA.ie/thegaa/cultur-agus-gaeilge

*Le Jamie Ó Tuama*

# Nodanna ó Sheán O'Shea don imreoir óg agus tábhacht na hóráide




Bíonn cuimhne mhaith ag muintir na hÉireann ar óráidí Gaeilge a dhéantar ar Ardán Uí Ógáin ar laethanta cluichí ceannais. Cuimhníonn daoine ar leithéidí Pháidí Uí Shé, Dhara Uí Chinnéide, Lester Ryan agus ar Joe Connolly i measc daoine eile. Ina measc siúd a labhair go leor Gaeilge ina óráid bhuacach bhí Ambasadóir Gaeilge CLG, Seán O'Shea, nuair a bhuaigh Ciarraí Cluiche Ceannais na hÉireann i 2022. Míníonn Seán dúinn an tábhacht a bhain lena leithéid.

'Sea, ceapaim go raibh sé tábhachtach. Bhí mé ar Ardán Uí Ógáin agus cheap mé go raibh sé tábhachtach Gaeilge a úsáid agus í a labhairt ar an ardán. Cheap mé go raibh muintir Chiarraí sásta leis chomh maith', a deir Seán.

Ba sa tseachtain díreach tar éis Chluiche Leathcheannais na hÉireann a thosaigh Seán ag smaoineamh ar an óráid.

'An tseachtain tar éis an chluiche leathcheannais chuir ár kitman glaoch orm agus dúirt sé liom 'scríobh amach d'óráid' agus sin an rud a rinne mé. Ba ar an gCéadaoin tar éis an chluiche leathcheannais a scríobh mé amach an óráid.'

Cé go raibh sé tábhachtach do Sheán, deir sé nach bhféadfadh sé mórán ama a chaitheamh ag smaoineamh faoi de bharr go raibh sé dírithe go mór ar an gcluiche ceannais féin a bhí amach roimhe.

'Leis an fhírinne a rá níor chaith mé mórán ama ag smaoineamh ar an óráid mar bhí mé dírithe ar an gcluiche ach gan dabht is rud mór don lá é tar éis an chluiche.'

Mar mhúinteoir bíonn deis ag Seán roinnt cóitseála a dhéanamh le foirne na scoile, rud a thugann sásamh dó.

'Tá mé ag cóitseáil an fhoireann shinsear agus an fhoireann shóisear f17. Gan dabht is aoibhinn liom dul ag traenáil leis na leaids tar éis na scoile agus ar an Aoine agus bíonn múinteoirí eile ag cabhrú liom chomh maith .

'Tá sé iontach na daltaí a fheiceáil lasmuigh den rang agus bíonn caidreamh níos fearr agat leis na daltaí sa rang chomh maith nuair atá tú ag cóitseáil lasmuigh den rang.'

Tá comhairle mhaith ag Seán d'imreoirí óga mar a mhíníonn sé dúinn.

'Cleachtadh, cleachtadh, cleachtadh. Sin an chomhairle is fearr. Sin é an rud is tábhachtaí dar liom. Bíodh an liathróid i do lámh chomh minic agus is féidir. Bí ag cleachtadh leis an liathróid. Bí ag cleachtadh na scileanna. Na bac leis an gym nuair atá tú óg. Bí ag cleachtadh leis an liathróid.'

*Le Jamie Ó Tuama*

# Oidhreacht an Chrócaigh fós le brath os cionn 200 bliain tar éis a bhreithe

*Bunaithe ar alt leis an Ollamh, Marie Coleman*


Ba ar 19 Bealtaine 1823 a rugadh Tomás Liam Cróc, Ardeaspag Chaisil, agus céad phátrún Chumann Lúthchleas Gael. Fear ab ea an Crócach a raibh an-tionchar aige ar bhlianta tosaigh an Chumainn. Breathnóidh muid anseo ar an ról tábhachtach a d'imir sé sa Chumann agus i sochaí na hÉireann i gcoitinne.

Rugadh Tomás sa Dromainn i gCaisleán na Cora, Contae Chorcaí, agus ba é an dara mac ba shine d'ochtar clainne é. Fuair sé a chuid oideachais i bPáras na Fraince agus oirníodh ina shagart é sa Róimh i mí Bealtaine na bliana 1847. Ina dhiaidh sin, tháinig sé ar ais go hÉirinn áit ar chaith sé seal mar shagart sa Ráth i gContae Chorcaí. Bhí an gorta mór ag réabadh tríd an tír ag an am sin, dar ndóigh.

Nuair a tháinig deireadh leis an ngorta mór aithníodh go raibh géarghá le tacaíochtaí agus cearta níos fearr do thionóntaí agus throid an Crócach ar a shon sin ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin. Ba thimpeall an ama sin, a thosaigh an Eaglais Chaitliceach ag tógáil scoileanna sa tír agus ceapadh an Crócach ina chéad Uachtarán ar Choláiste Cholmáin i Mainistir Fhear Muí. Scoil mhór iomána is ea an scoil chéanna sa lá atá inniu ann!

Ceapadh an Crócach ina easpag sa bhliain 1870 in Auckland na Nua-Shéalainne agus is ann a chaith sé na chéad trí bliana go leith eile dá shaol. Bhí an cháil amuigh ar an gCrócach mar dhuine a bhí iontach i mbun eagrúcháin agus nuair a d'fhill sé ar Éirinn thosaigh sé ag troid ar son chearta na dtionóntaí an athuair. Fear é a bhí go mór ar son Chogadh na Talún agus d'úsáid sé a ról mar easpag lena chur chun cinn. Fear a bhí sa Chrócach, freisin, a bhíodh an-ghlórach sa tacaíocht a thug sé ar son ghaelú na tíre ag an am agus níorbh aon iontas gur iarradh air a bheith ina chéad phátrún de chuid Chumann Lúthchleas Gael sa bhliain 1884. Dar ndóigh, ba i ndeoise an Chrócaigh a bunaíodh an Cumann cúpla mí roimhe sin. Thug sé faoina ról nua go dian dícheallach.

Ba léir ón litir a scríobh an Crócach chuig an gCumann ag glacadh leis an ról mar phátrún, cé chomh mór is a bhí sé ar son Éireann a bhí gaelach agus, dar ndóigh, na cluichí gaelacha féin. Thagair sé de 'daily importing



*An tArdeaspag Cróc*

from England...her fashions, her accents, her vicious literature, her music, her dances and her manifold mannerisms, her games also and her pastimes, to the utter discredit of our own grand national sports' mar 'ugly and irritating fact'!

Bhí sé den tuairim gur chóir cluichí an Chumainn a imirt Dé Domhnaigh agus cheap sé nach mbeadh a leithéid sin ag léiriú drochmheasa ar an tSabóid. Dar ndóigh, ba é an Domhnach an t-aon lá a bhí saor ag gnáthmhuintir na tíre ón obair agus ó chruatan an tsaoil.

D'fhéadfá a rá gur ról oinigh den chuid is mó a bhain leis an bpátrúntacht, ach, de bharr na scileanna a bhí ag an gCrócach bhí sé in ann go leor fadhbanna agus aighneas a réiteach. Bhíodh ról lárnach aige féin agus ag Micheál Daibhéid maidir le síocháin a choinneáil nuair a bhíodh easaontais pholaitiúla ann agus tá go leor den tuairim nach dtiocfadh an Cumann slán as na deacrachtaí a bhí aige sa bhliain 1888 murach iad.

Aithníodh an ról tábhachtach a d'imir an Crócach i mblianta tosaigh Chumann Lúthchleas Gael go hoifigiúil sa bhliain 1913 nuair a tugadh Páirc an Chrócaigh ar phríomhstaid imeartha an Chumainn ar Bhóthar Mhic Sheoin.

Cinntíonn Páirc an Chrócaigh go gcoinneofar ainm an Chrócaigh i mbéal an phobail go deo ach tá sé tábhachtach go mbeadh cuimhne ag daoine air as ucht na rudaí uilig a rinne sé thar ceann na gluaiseachta náisiúnta agus, dar ndóigh, an ról a d'imir sé san Eaglais Chaitliceach in Éirinn ag an am, freisin.

Ba sa bhliain 1902 a cailleadh an tArdeaspag Tomás Liam Cróc ag aois 78 bliain d'aois. Ní dhéanfar dearmad air go brách.



*Páirc an Chrócaigh, a ainmníodh in ómós don Chrócach*

# Aimsigh na Seaimpíní!

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D | Ú | N | N | A | N | G | A | L | L | A | L | B | Á | C | B | D | R |
| H | L | B | Í | R | A | I | N | H | H | M | G | A | S | F | E | Á | E |
| Í | A | M | N | D | N | N | D | Ó | B | O | H | P | Í | R | M | Á | S |
| F | A | Á | C | M | D | A | Ú | R | A | U | A | Ú | G | U | T | U | S |
| E | A | S | B | H | C | A | N | D | I | L | L | É | E | E | O | Í | F |
| A | M | G | L | A | A | Í | G | U | S | I | U | D | H | C | G | B | I |
| R | A | N | R | C | I | L | L | C | H | A | I | N | N | I | G | H | Ó |
| M | M | T | A | H | S | I | D | R | A | G | M | P | S | L | O | F | P |
| A | Ú | R | A | A | N | C | L | Á | R | U | N | Á | O | L | A | H | B |
| N | I | C | G | O | I | F | S | T | É | N | E | D | A | D | C | A | F |
| A | H | A | Í | R | I | R | A | H | L | I | A | M | G | A | N | I | Ó |
| C | I | A | R | R | A | Í | R | C | E | P | C | A | O | R | G | L | U |
| H | S | S | A | G | T | L | É | L | U | A | H | Ú | M | A | H | Í | Á |
| E | F | H | É | O | C | D | L | I | C | Ó | B | I | R | A | U | Í | D |
| H | F | Ó | N | G | A | I | H | A | L | L | Í | N | C | I | E | L | A |
| N | S | N | R | E | U | P | D | T | O | Í | Ó | M | C | N | H | B | M |
| T | G | A | I | L | L | I | M | H | I | Ú | A | N | U | Á | I | Á | N |

*Aimsigh na buaiteoirí idirchontae seo a leanas:*

***An Clár*** *(Liam Mac Cárthaigh)*

***Ard Mhacha*** *(Somhairle Mag Uidhir)*

***An Dún*** *(Corn Tailteann)*

***Luimneach*** *(Micheál Ó Maca)*

***Cill Chainnigh*** *(Roibeard Ó Caoimh)*

***Uíbh Fhailí*** *(Seosamh Mac Donncha)*

***Cill Dara*** *(Críostóir Ó Rinn)*

***Dún na nGall*** *(Nioclás Mac Riocaird agus Angla-Cheilteach)*

***Fear Manach*** *(Labhraí Ó Meachair)*

***Áth Cliath*** *(Ó Dúshláine)*

***Ciarraí*** *(Corn na Mumhan)*

***Gaillimh*** *(Mac an Adhastair)*



# Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie





Foras na Gaeilge · Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 · An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht · Craoltóir Náisiúnta

Le Mairéad Uí Dhonnabháin

# CLG Naomh Muire, Inis Céin, Contae Chorcaí - Cás-staidéar logánta




Tá CLG Naomh Muire suite ar bhruacha Abhainn na Bandan idir na sráidbhailte nasctha áille, Béal Átha Fhínín agus Inis Céin, i Roinn Cairbre in Iarthar Chorcaí. I mbliana, tá CLG Naomh Muire ar cheann de na Clubanna a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh i gClár na gClubanna Glasa de chuid CLG. Tá an Club ag cur béime ar théamaí na bithéagsúlachta agus an uisce. Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil tailte an Chlub suite ar abhantrach álainn Abhainn na Bandan.

Tuigimid, áfach, go bhfuil an bhithéagsúlacht i mbaol agus nach mór dúinn gníomhú chun í a chosaint. Mar sin, tá áit lárnach ag an bhfiadhúlra in íomhánna agus i siombailí an chlub. Tá tábhacht straitéiseach na habhann agus an dúlra mar ghnéithe suntasacha d'oidhreacht na sráidbhailte agus an chlub le feiceáil sa mhúrphictiúr ar fhalla binn an chlubthí, freisin. Tá CLG Naomh Muire tiomanta do bhithéagsúlacht na timpeallachta fionnuisce ríthábhachtaí seo a chosaint agus d'fheasacht a mhúscailt faoin ngá lenár n-éiceachórais agus ár n-acmhainní nádúrtha áitiúla a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

I gcomhréir leis an éiteas sin, tá roinnt gníomhartha nuálacha, fiúntacha curtha i gcrích againn. Dhein ball amháin de Chlub Glas CLG Naomh Mhuire, atá ina hEolaí Saoránaigh, staidéar breathnaitheach, táscach ar an bhflóra agus fána in áit choillearnaí bheag i dtimpeallacht abhann an Chlub anuraidh. Léirigh torthaí an staidéir go raibh raon crann aibí éagsúil san áit sin, chomh maith le plandaí agus bláthanna fiáine a thacaíonn le pailneoirí.

Tá an crios bruachánach sin lán de réimse éagsúil bláthanna fiáine, féar agus speiceas plandaí, a ligeadh dóibh fás ann agus a léiríonn go bhfuil timpeallacht fholláin ar bhruach na habhann. Sampla suntasach amháin is ea an Crobh Éin, a bhfuil triopaill de bhláthanna buí órga geala air atá ina bhfoinse thábhachtach neachtair do mhórán speiceas d'fheithidí, beacha, bumbóga agus féileacáin ina measc. Tá an speiceas planda álainn agus sainiúil sin mar bhiaphlanda larbhaí an Ghormáin Choitinn agus na Bánóige Coille chomh maith.

Cuireann an fásra folláin bruachánach sin gnáthóg shaibhir ar fáil d'éagsúlacht mhór fána dhúchasaigh ar an talamh agus laistigh den abhainn araon. Tá feithidí, éin, éisc, agus mamaigh abhann cosúil le madraí uisce ina measc.

Bíonn ról tábhachtach ag ár mbláthanna fiáine agus ár bplandaí bruachánacha i dtacú lenár n-éiceachóras chun cothromaíocht nádúrtha a choinneáil inár n-áiteanna fiáine orgánacha iontacha. Is ábhar dóchais é feasacht níos mó ar an timpeallacht a fheiceáil agus tuigeann ár ngrúpaí pobail áitiúla a thábhachtaí is atá sé an bhithéagsúlacht a chosaint agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn i gceist leis sin. Ar aon dul lenár n-éiteas mar Chlub Glas, tá Club CLG Naomh Muire tiomanta do bhithéagsúlacht a chosaint inár spásanna glasa agus bruachánacha agus do chéimeanna a ghlacadh chun feasacht ar bhithéagsúlacht agus inbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar a son a chur chun cinn inár gClub.

Ag eascairt ón méid atá ráite roimhe seo, táimid go láidir den tuairim go bhfuil cur chuige comhpháirtíochta thar a bheith tábhachtach. Táimid buíoch de leanaí Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire agus de Chumann Bailte Slachtmhara Bhéal Átha Fhínín agus Inis Céin a chabhraigh linn plandaí, crainn agus toim phailneoir-bháúla breise a phlandáil agus feasacht a mhéadú chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Má oibrimid le chéile mar phobail áitiúla, níl aon amhras ach go mbeimid in ann gníomhú go dearfach chun cailliúint bithéagsúlacha agus athrú aeráide a aisiompú ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht agus chun cur lenár bhfolláine shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach.

Ní neart go cur le chéile.

# Camchuairt Cheolmhar na hÉireann!

Ag leanúint orainn ar thuras bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, is ag triall ar Bhaile Átha Cliath atáimid san eagrán seo chun cuairt a thabhairt ar bhean iomráiteach!



## Moll Ní Mhaoileoin

### *(Molly Malone)*

I mBaile Átha Cliath, Ní fhaca mé riamh,
Aon chailín níos sciamhaí ná Moll Ní Mhaoileoin,
Ag stiúradh a barra, gach áit ins a chathair,
Le Ruacain is sliogáin, is iad go breá beo.

Curfá:

Is iad go breá beo, is iad go breá beo,
Le Ruacain is sliogáin, is iad go breá beo.

Ba mhangaire éisc í, an cheird di ab éascaí,
Ós amhlaidh dá muintir ó chianta fadó,
Ag stiúradh a mbarra, gach áit ins a chathair,
Le Ruacain is sliogáin, is iad go breá beo. (Curfá)

Ach mo chreach is mo dhiacair, fuair Moll bocht an fiabhras,
Agus b’in i an chríoch bhí le Moll Ní Mhaoileoin,
Ach tá taibhse sa chathair, ag stiúradh a mbarra,
Le Ruacain is sliogáin, is iad go breá beo. (Curfá)



Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

GAA




# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA

**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**

# Do Threibh, Do Chontae



## Na Laochra Iomána

### LAIGHIN

Áth Cliath – Dónal Burke
An Mhí – Éamonn Óg Ó Donnchadha
Cill Dara – Jack Sheridan
Ceatharlach – Marty Kavanagh
Lú – Darren Geoghegan
Cill Mhantáin – Seanie Germaine
Loch Garman – Lee Chin
Cill Chainnigh – TJ Reid
Laois – Aaron Dunphy
Uíbh Fhailí – Brian Duignan
An Longfort – Cian Darcy
An Iarmhí – Killian Doyle

### ULAIDH

Muineachán – Niall Arthur
An Cabhán – Canice Maher
Dún na nGall – Gerard Gilmore
An Dún – Daithí Sands
Doire – Ruairí Ó Mianáin
Ard Mhacha – Alex O'Boyle
Tír Eoghain – Aidan Kelly
Aontroim – James McNaughton
Fear Manach – Ryan Bogue

### CONNACHTA

Gaillimh – Conor Whelan
Maigh Eo – Cormac Phillips
Ros Comáin – Cian Murray
Sligeach – Gerard O'Kelly Lynch
Liatroim – Gavin O'Hagan

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Shane Conway
Corcaigh – Patrick Horgan
Luimneach – Cian Lynch
An Clár – Tony Kelly
Tiobraid Árann – Jason Forde
Port Láirge – Dessie Hutchinson



Le Jamie Ó Tuama

# Os cionn 350 peileadóir óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh

Ghlac os cionn 350 peileadóir óg ó chlubanna Gaeltachta, ó Ghaelscoileanna agus ó chlubanna agus scoileanna eile páirt i mbliotsanna faoi 11 ag na GAAgaeilge Go Games a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mheithimh. Ina gcomhluadar ar an lá, bhí Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Seán O'Shea, agus é ag spreagadh na bpáistí a bhí i láthair!

I measc na gclubanna agus na scoileanna a bhí páirteach ann bhí Cárna Caiseal, Ros Muc agus Naomh Séamus ó Ghaillimh. Bhí Laochra Loch Lao, Gaelscoil Mhic Lionnáin, Gaelscoil Bhreifne, Gaoth Dobhair agus Gleann tSúilí ann ó chúige Uladh. Bhí Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn, CLG Dhún Doire, Gaelscoil Chluain Dolcáin agus Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Chonaill ann ó chúige Laighean agus bhí Naomh Abán, Béal Átha an Ghaorthaidh, Cumann Caide na Gaeltachta, Piarsaigh Na Dromada agus An Ghaeltacht ó Phort Láirge ann ó chúige Mumhan.

Ba iad Rannóg Cumarsáide CLG, Oifigigh Ghaeilge na Mumhan agus Uladh a d'eagraigh na GAAgaeilge Go Games i gcomhar le Rannóg um Fhorbairt na gCluichí Náisiúnta, CLG.

Beidh na GAAgaeilge Go Games á n-eagrú arís amach anseo agus táthar ag súil le cuireadh a thabhairt do chlubanna as ceantair eile Ghaeltachta agus as Gaelscoileanna eile.



Le Eva Willoughby

# Turas go dtí Páirc an Chrócaigh



An Grúpa Go léir

An raibh tú i bPáirc an Chrócaigh riamh? Bhuel, bhí inné. Mo chéad uair i bPáirc an Chrócaigh agus bhí mé le mo rang! Chuaigh an tUasal Ó Broin agus Bean Uí Bhuitléir linn freisin. Bhí an-sceitimíní orm! Anois, inseoidh mé an scéal duit.

Ar dtús chuaigh muid ar scoil sa charr nó ar an mbus. Chuaigh mise ar an mbus. Bhí leathanach ar bhord gach duine le focal a bheidh úsáideach i rith an lae. Ansin, chuaigh muid ar an mbus go dtí Páirc an Chrócaigh.

Chonaic mé cathaoir a bhí os comhair na gcathaoireacha ar chúl an bhus. Shuigh mé síos ar an gcathaoir sin agus bhí Ellie ina suí in aice liom ar an turas nuair a bhí muid ar an mbóthar. Bhí gach duine ag canadh Amhrán na bhFiann!

Ansin, nuair a bhí muid i mBaile Átha Cliath, ritheamar isteach. Bhí an-sceitimíní orainn! Bhí a lán páistí eile ansin. Bhí ardán mór ann agus bhí a lán páistí ag screadaíl!

Chonaic mé dealbh Mhíchíl Uí Chíosóig. Chuamar síos ar an ardán ansin agus shuigh muid síos ar na cathaoireacha agus fuair muid greim agus bolgam. Ina dhiaidh sin bhí turas treoraithe againn ansin. Chuamar ar turas trína lán seomraí i bPáirc an Chrócaigh. Bhíomar i seomra a bhí cosúil le pictiúrlann. D'fhéachamar ar scannán. Ina dhiadh sin, bhí muid i halla ar an mbealach go dtí an seomra gléasta.

Chonaic muid dhá chamán agus liathróid peile an-mhór. Bhí sé sa pharáid Lá Fhéile Pádraig i 2015. Sa seomra gléasta bhí geansaí gach contae in Éirinn chomh maith le Nua-Eabhrac agus Londain. Shuíomar síos in aice le geansaí na Gaillimhe. Labhair sé faoin méid a dhéanann na himreoirí peile agus iománaíochta roimh chluiche.

Díreach ina dhiaidh sin, chuaigh muid go dtí seomra téamh suas agus bhí gach duine ag léim suas agus ag cur a lámha ar an líontán a bhí ar an tsíleáil. Ansin, chuamar go dtí an seomra ina dtéann na himreoirí tar éis gach cluiche.

Bhí chandelier le soilse ildaite an-mhór os cionn ár gcinn. Bhí liathróidí peile agus sliotair ar crochadh. Ina dhiaidh sin, chuamar amach in aice leis an bpáirc ón taobh eile. Chonaic muid Cnoc 16. Bhí Corn Liam Mhic Cárthaigh ann. Chroch gach duine suas san aer é. Rinne mé é le mo chara. Bhí sé an-spraíúil.

Ansin, chuamar go dtí ár málaí le haghaidh ar mbuataisí agus na ndeochanna. Chuamar ar an bpáirc. Bhí an féar chomh mín le síoda.

D'imríomar trí chluiche. Bhí an chéad chluiche i gcoinne Ghaoth Dobhair, Dún na nGall. Bhí an dara cluiche i gcoinne Ghaelscoil na Rinne, Pórt Láirge. Níl mé cinnte ar bhuaigh muid nó ar chaill muid. Bhí muid in ainm is a bheith ag imirt i gcoinne scoil eile ach chuaigh siad abhaile luath.

Tar éis sin, chuamar abhaile ar an mbus. Ar an bhealach ar ais, stopamar ag stáisiún artola. Cheannaigh an tUasal Ó Broin uachtar reoite do gach duine. Bhí an-áthas orainn! Fuair cúpla duine nóinín mór freisin sa díog.

Tar éis tamaill, bhí muid ar ais sa scoil i mBaile Uí Chonaill agus tar éis lá iontach i bPáirc an Chrócaigh. Lá thar barr a bhí ann!




Lucht Scoil Náisiúnta Bhaile Chonaill ag Dealbh Mhíchíl Uí Chíosóig

Le Jamie Ó Tuama

# Cúig churadh nua Ghaeltachta i gCill na Martra

Tháinig deireadh le Comórtas Peile na Gaeltachta tráthnóna Dé Luain 3 Meitheamh tar éis deireadh seachtaine den chéad scoth peile. Tar éis 26 cluiche agus tar éis na scléipe uilig tá cúig churadh nua Ghaeltachta againn.

Ba iad Clann na nGael ó Chontae na Mí a thug leo Corn na Sóisear i gComórtas na mBan tar éis taispeántais den chéad scoth ó Molly Canny, ó Chailín Nic Dhonncha agus ó Ali Scurlóg ach go háirithe. Chríochnaigh an cluiche ar scór 1-12 go dtí 2-02.

Ba iad Baile Chláir na Gaillimhe a thug leo Corn na Sinsear i gComórtas na mBan tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar sheaimpíní 2023, An Tearmann, ar scór 3-09 go dtí 1-08. Ba í Andrea Trill is mó a sheas amach do mhuintir Bhaile Chláir na Gaillimhe agus d'aimsigh sí 2-06 ar fad.

An tráthnóna roimhe, d'éirigh le Naomh Abán an corn nua idirmheánach a thabhairt leo tar éis dóibh buachan ar Naomh Conaill ar scór 1-08 go dtí 1-03. D'aimsigh Gráinne Ní Mhurchú 0-06 ar fad d'fhoireann Mhúscraí.

Ba iad na Conallaigh a thug leo comórtais na bhfear.

Bhí an bua ag sárfhoireann Naomh Muire, Íochtar na Rosann, ar Lios Póil i gcluiche ceannais na sóisear ar scór 3-13 go dtí 2-10 agus bhí an-áthas ar Dhónal Ó Doibhlin an corn a chrochadh in airde ar son mhuintir Íochtar na Rosann. Bhí Eoin Ó Máirtín agus Fiontán Ó Dochartaigh ach go háirithe thar cionn do Naomh Muirne.




Foireann bhuacach Naomh Muire ag Comórtas Peile na Gaeltachta i gCill na Martra

Bhuaigh Cill Chartha Comórtas Sinsear na bhFear don seachtú huair tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Naomh Anna Leitir Móir ar scór 0-20 go dtí 1-08. Bhí Stiofán Mac Breartaigh, Eoin Mac Aodha agus Marc Mac Aodha an-mhaith do mhuintir Chill Chartha.

Is i Ráth Chairn na Mí a bheidh Comórtas Peile na Gaeltachta sa bhliain 2025.


# Crosfhocal

## TRASNA

1. Foireann Huw Lawlor? (4,9)
4. Áit bhreithe Ardeaspag Cróc? (7)
7. Bainisteoir nua Átha Cliath ___ Ó Ceallacháin (5)
8. Líon Craobhacha Uile-Éireann ag an gClár (4)
9. Club Sheán O'Shea (6)
11. Foireann Shane Walsh? (7)
12. Bainisteoir an Chláir (5)

## SÍOS

1. Líon Craobhacha Uile-Éireann idirchontae ag Joe Canning? (5,6)
2. Buaiteoirí Chorn Chríostóir Uí Rinn (4,4)
3. Club Paul Mannion? (2,8)
5. Foireann Tony McEntee? (8)
6. Club Rory Beggan? (2,5)
10. Páirc Baile Luimnigh, TUS Páirc na _____? (5)






FREAGRAÍ

# Comórtas Thráth na gCeist GAAgaeilge

Tá Cumann Lúthchleas Gael ag glacadh le hiarratais do Thráth na gCeist Gaeilge CLG 2024/2025 faoi láthair.

Más mian le do chlub a bheith páirteach ann cuir scéala chuig jamie.otuama@gaa.ie (cúige Laighean agus cúige Chonnacht), aedin.ni.bhriain.munster@gaa.ie (cúige Mumhan) nó chuig tricia.nichearra.ulster@gaa.ie (cúige Uladh) roimh an Aoine, 22 Meán Fómhair.

Ag brath ar éileamh, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar chlubanna níos mó ná babhta amháin a dhéanamh le Babhta Ceannais na hÉireann a bhaint amach. Ní mór a bheith i do bhall den chlub le páirt a ghlacadh ann.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Jamie Ó Tuama (jamie.otuama@gaa.ie).



# Freagraí

**P. 9**
**Cé hé seo?**




**P. 10**
**10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh**

1. An Pháirc Lúthchleasa
2. 5
3. Corcaigh
4. Uíbh Fhailí
5. An Iarmhí
6. Naomh Tomás
7. Aontroim
8. Críostóir Ó Cuana
9. Béal Átha an Airgid

**P. 27**
**Crosfhocal**

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | I | L | L | C | H | A | I | N | N | I | G | H | | |
| E | | | | I | | | | A | | | | | | |
| A | | | | L | | | | C | A | I | S | E | A | L |
| N | I | A | L | L | | | | R | | | L | | N | |
| N | | | | D | | | | Ó | | | I | | B | |
| A | | | | A | | | | C | Ú | I | G | | H | |
| M | | | | R | | | | A | | | E | | O | |
| H | | | | A | | | | I | | | A | | T | |
| Á | | | | | | | | G | | | C | | H | |
| I | | | | | | | | H | | | H | | | |
| N | E | I | D | Í | N | | | | | | | | | |
| | | | | | A | | | | | | | | | |
| | | | | | N | | | | | | | | | |
| | | | | | G | A | I | L | L | I | M | H | | |
| | | | | | A | | | | | | | | | |
| | | | | | E | | | | | | | | | |
| | | | | | L | O | H | A | N | | | | | |



# MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil
don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus
is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna
a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh
agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN